



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Márta 2018
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0060 (COD)

7407/18
ADD 2

JAI 246
JUSTCIV 70
EF 86
EJUSTICE 19
ECOFIN 271
DRS 16
COMPET 177
EMPL 121
SOC 161
CODEC 429
IA 73

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Márta 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2018) 74 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú i ndáil le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 74 final ón gCoimisiún.

Faoi iamh: SWD(2018) 74 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.3.2018
SWD(2018) 74 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE**

**maidir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú i ndáil le cumhdach caillteanais íosta le
haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha**

{COM(2018) 134 final} - {SWD(2018) 73 final}

Bileog Achoimre Feidhmiúcháin

Measúnú tionchair a ghabhann le togra le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a leasú i ndáil le cumhdach caillteanais íosta le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha

A. An gá atá le beart

Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Tá athrú suntasach tagtha ar an gcreat rialála do na bainc de bharr na géarchéime airgeadais. Na hathchóirithe a comhaontaíodh ar leibhéal Ghrúpa an Fhichead agus Choiste Basel, cuireadh chun feidhme iad agus tá siad á gcur chun feidhme go fóill ar fud an domhain chun laghdú a dhéanamh ar an leibhéal riosca in earnáil na baincéireachta agus chun an córas airgeadais a dhéanamh níos cobhsaí agus níos athléimní. Is ar bhonn áitiúil amháin a tugadh aghaidh ar roinnt rioscaí, áfach. Go háirithe, rinneadh roinnt beart i ndlínsí móra (amhail na Stáit Aontaithe agus an tSeapáin, gan ach cúpla ceann a lua) chun an leibhéal iasachtaí neamhthuillmheacha a laghdú agus chun cláir chomhardaithe na mbanc a dheisiú trí chórais éigeantacha soláthair/díscríofa a thabhairt isteach le haghaidh iasachtaí neamhthuillmheacha nó trí ghéarú ar na córais sin, i measc nithe eile.

Rinneadh iasachtaí neamhthuillmheacha agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha eile¹ a charnadh i gcodanna d'earnáil baincéireachta an Aontais Eorpaigh freisin tar éis na géarchéime airgeadais agus na gcúluithe eacnamaíochta a tháinig aisti. Téann na leibhéil mhéadaithe iasachtaí neamhthuillmheacha sin i bhfeidhm ar an gcobhsaíocht airgeadais mar go ndéanann siad difear do bhrabúsacht agus inmharthanacht na n-institiúidí creidmheasa lena mbaineann agus mar go n-imríonn siad tionchar ar an bhfás eacnamaíoch trí iasachtú bainc a laghdú. Chun aghaidh a thabhairt tuilleadh ar na dúshláin a ghabhann le hardleibhéil iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas, iarrtar sa "Phlean Gníomhaíochta chun Dul i nGleic le hiasachtaí Neamhthuillmheacha san Eoraip" ó Chomhairle ECOFIN ar na hinstiúidí agus na gníomhaireachtaí éagsúla bearta iomchuí a dhéanamh ina leith.

Ar na príomhréimsí beartais atá ann chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtiocfadh fadhbanna nua iasachtaí neamhthuillmheacha chun cinn sa todhchaí go háirithe tá beartas lena n-áiríthítear go n-aithneofar iasachtaí neamhthuillmheacha go tráthúil agus go mbeidh siad cumhdaithe go leordhóthanach ar mhaithe le staonadh caillteanais a chosc agus réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha a fheabhsú. Is bacainní móra ar athstruchtúrú fiachais agus ar dhíolacháin sócmhainní iad gannsoláthar agus staonadh caillteanais, ós rud é go bhféadfadh na bainc athstruchtúrú a chur ar atráth nó díghiaráil chun aithint caillteanas a sheachaint (rud ar a dtugtar an cur chuige "fan go bhfeicfear"). Suíodh gur cúis le hiasachtú laghdaithe iad moilleanna ar aithint caillteanas mar go gcuireann siad níos mó brú fós ar na bainc soláthairtí a mhéadú le linn amanna struis (i.e. nuair a thiofadh caillteanas chun cinn agus nuair is ceangaltaí a bheidh na ceanglais chaipitil rialála. Is é a chiallaíonn an soláthar comh-thimthriallach sin go saothróidh na bainc iasachtú comh-thimthriallach agus go mbeidh luascadh níos suntasaí sa timthriall gnó (i.e. timthriallta creidmheasa borrrha agus cliste).

Cuid thábhachtach d'iarreachtaí an Aontais rioscaí sa chóras baincéireachta a laghdú tuilleadh agus cur ar chumas na mbanc díriú ar iasachtaí a thabhairt do ghnólachtaí agus saoránaigh is ea aghaidh a thabhairt ar ardstoic neamhchosaintí neamhthuillmheacha agus ar a gcarnadh féideartha sa todhchaí. Deimhnítear sa díospóireacht leanúnach atá ar bun sa Chomhairle gur gá tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar aghaidh a thabhairt ar iasachtaí neamhthuillmheacha má táthar chun Aontas Baincéireachta a chur i gcrích, rud atá ar cheann de na príomhthosaíochtaí i gClár Oibre na gCeannairí.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is cuid de mhórfhacáiste beart a bhfuil mar aidhm leis dul i ngleic le fadhb na n-iasachtaí neamhthuillmheacha san Aontas an tionscnamh seo agus tá dhá ghné a threisíonn a chéile go frithpháirteach i gceist lena chuspóirí ginearálta: is é an chéad chuspóir ginearálta atá leis an tionscnamh seo srian a chur leis na rioscaí a chruthaíonn ardleibhéil neamhchosaintí neamhthuillmheacha do chobhsaíocht airgeadais trína áirithiú nach gcarnfar neamhchosaintí neamhthuillmheacha nach bhfuil cumhdaithe go leordhóthanach nó nach dtiocfaidh méadú iomarcach ar an líon neamhchosaintí den sórt sin i gcóras baincéireachta an Aontais; is é an dara cuspóir atá leis an tionscnamh seo a áirithiú go mbeidh cumhdach caillteanais

¹ Áirítear le neamhchosaintí neamhthuillmheacha iasachtaí neamhthuillmheacha, urrúis fiachais neamhthuillmheacha agus ítimí neamhthuillmheacha lasmuigh den chlár comhardaithe. Is iasachtaí neamhthuillmheacha, téarma seanbhunaithe a úsáidtear go minic sa díospóireacht beartais, atá sa sciar is mó de neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Mar sin, úsáidtear na téarmaí neamhchosaint neamhthuillmheach/neamhchosaintí neamhthuillmheacha agus iasacht neamhthuillmheach/iasachtaí neamhthuillmheacha ar bhealach idirmhalartach sa doiciméad seo.

leordhóthanach ag na bainc san Aontas le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha, rud lena gcosnófar a mbrabúsacht, a gcaipiteal agus a gcostais chistiúcháin in amanna struis. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin san Aontas, áit a bhfuil idirghabháil airgeadais fós faoi rialú ag na hinstiúidí baincéireachta den chuid is mó. I dteannta na margaí caipitil níos doimhne agus níos láidre a chruthófar leis an tionscnamh um Aontas na Margaí Caipitil, is dóigh go n-áiríteofar leis an tionscnamh seo go mbeidh maoiniú atá cobhsaí agus nach bhfuil chomh comh-thimthriallach céanna ar fáil do theaghlaigh agus gnólaigh an Aontais, rud a thacóidh le hinfheistíocht, le fás agus le fostaíocht.

Ón taobh oibríochtúil de, féachfar leis an méid sin a dhéanamh trí laghdú a dhéanamh ar an spreagadh agus an cumas atá ag na bainc leas a bhaint as straitéisí "fan go bhfeicfear" agus "fadú agus cur i gcéill", ar straitéisí iad trína gcuireann na bainc moill ar sholáthairtí iasachtaí neamhthuillmheacha a aithint. Dhéanfaí an méid sin leis an tionscnamh seo trí chúlstop stuamachta reachtach a thabhairt isteach, rud a mbeadh na nithe seo a leanas i gceist leis: (i) ceanglas go gcumhdódh na bainc, suas go leibhéil choiteanna íosta, na caillteanais a tabhaíodh agus na caillteanais ionchasacha ar iasachtaí nuathionscanta a luaithe a éiríonn iasachtaí den sórt sin ina n-iasachtaí neamhthuillmheacha ("ceanglas cumhdaigh íosta"), agus (ii) i gcás nach gcomhlíonfar an ceanglas cumhdaigh íosta, an difríocht idir an leibhéal cumhdaigh iarbhair agus an cumhdach íosta a asbhaint ó ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1. Ní bheadh feidhm iomlán ag an gceanglas cumhdaigh íosta ach amháin tar éis tréimhse ama ar leith, ar tréimhse í a bheadh ag brath ar cé acu an bhfuil an iasacht urraithe nó nach bhfuil (le comhthaobhacht nó le ráthaíocht).

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Ní fhoráiltear le creat stuamachta reatha an Aontais maidir le láimhseáil choiteann íosta i dtaca le caillteanais thabhairt/ionchasacha ar iasachtaí neamhthuillmheacha. Cé go bhfuil de chumhacht ag maoirseoirí atá i gceannas ar instiúidí san Aontas a mhaoirsiú dul i bhfeidhm ar an mbeartas soláthair atá i bhfeidhm ag banc agus coigeartuithe sonracha ar ríomhanna cistí dílse a éileamh ar bhonn cáis (rud ar a dtugtar cumhachtaí "Cholún 2" den chreat), ní fhéadfadh aon láimhseáil chomhchuibhithe (íosta) a fhorchur ar fud na mBallstát agus na mbanc.

Mar thoradh ar an easpa rialacha stuamachta coiteanna atá ann maidir le soláthar a dhéanamh d'iasachtaí neamhthuillmheacha, is féidir go mbeidh éagsúlacht ann sa chumhdach caillteanais iarbhair d'iasachtaí neamhthuillmheacha i mbainc dhifriúla i ndlínsí difriúla, fiú má tá an t-aon riosca foluiteach amháin ag baint leo. Dá bharr sin, is féidir go dteorannófar an inchomparáide atá cóimheasa caipitil idir tíortha agus go mbainfear an bonn dá iontaofa atá siad. Bheadh bainc a bhfuil an t-aon phróifíl riosca amháin acu agus a bhfuil an t-aon airgeadra amháin acu (iad sin sa limistéar euro) ag dul i ngleic le coinníollacha difriúla cistiúcháin, ag brath ar an áit a bhfuil siad lonnaithe. Ina theannta sin, ó thaobh an iasachtaí, bheadh coinníollacha difriúla iasachtaí i bhfeidhm do dhá chuideachta a bhfuil an t-aon phróifíl riosca amháin agus an t-aon airgeadra amháin acu, ar coinníollacha iad a bheadh ag brath ar a mbunú. Dá réir sin, cruthaítear ilroinnt bhreise airgeadais lena gcuirtear bac ar cheann de na buntáistí is tábhachtaí den aontas airgeadais agus airgeadaíochta, is é sin, rioscaí eacnamaíocha a éagsúlú agus a chomhroinnt thar theorainneacha.

Is é an toradh a bheadh ar ghníomhaíocht reachtach ar leibhéal an Aontais go gcuirfí coscán uathoibríoch ar fud an Aontais ar chomhad iasachtaí neamhthuillmheacha sa todhchaí nach bhfuil cumhdach leordhóthanach caillteanais iasachtaí acu agus, dá réir sin, neartófaí fóntacht airgeadais na mbanc agus an cumas atá acu iasachtaí a thabhairt. Chabhródh sí le dea-fheidhmiú an tsásra tarchurtha airgeadaíochta agus le próiseas comhtháthaithe airgeadais níos inbhuanaithe a chruthú san Aontas. Chabhródh sé sin leis an Aontas Baincéireachta a chur i gcrích freisin trí gach banc a chur ar bhonn cothrom, difríochtaí neamhriachtanacha i gcleachtais na mbanc a laghdú, inchomparáideacht a mhéadú, smacht margaidh a éascú agus muinín an mhargaidh a chur chun cinn. Toradh eile a bheadh ar ghníomhaíocht ar fud an Aontais is ea go laghdófaí éifeachtaí iarmhartacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn san Aontas. Cruthaíonn an ard-idircheangailteacht laistigh de chóras airgeadais an Aontais (go háirithe laistigh den limistéar euro) baol suntasach go dtiocfadh éifeachtaí iarmhartacha chun cinn lena ngabhann rioscaí cobhsaíochta a dtugtar aghaidh orthu ar bhealach níos fearr ar leibhéal an Aontais.

B. Réitigh

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachta a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?

Breithníodh na roghanna beartais seo a leanas sa Mheasúnú Tionchair (anuas ar an gcás bonnlíne i.e. gan aon ghníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais):

- Rogha 1 – ceanglais chumhdaigh iomláin iasachtaí neamhthuillmheacha neamhurraithe agus iasachtaí neamhthuillmheacha urraithe ag deireadh na dtréimhsí ama sainithe gan aon cheanglas cumhdaigh a bheith ann roimh ré;
- Rogha 2 – ceanglais chumhdaigh a mhéadú de réir a chéile (go líneach nó go forchéimnitheach) díreach

tar éis an iasacht a aicmiú mar iasacht neamhthuillmheach, rud as a dtiocfaidh cumhdach iomlán neamhchosaintí neamhthuillmheacha neamhurraithe agus neamhchosaintí neamhthuillmheacha urraithe ag deireadh na dtréimhsí ama sainithe; Rogha 3 – i gcás iasachtaí neamhthuillmheacha urraithe, caolchorraigh a chur i bhfeidhm de réir an chineáil comhthaobhachta (láimhseálfaí iasachtaí neamhthuillmheacha neamhurraithe ar an dóigh chéanna a láimhseálfaí iad faoi Rogha 1 agus Rogha 2). Tar éis na tionchair a mheas agus a bhreithniú, measadh rogha 2 (cosán forchéimnitheach a chur i bhfeidhm i dtreo cumhdach iomlán) a bheith ar an rogha thosaíochta, ós rud é go ngnóthaítear léi na cuspóirí beartais agus go n-uasmhéadaítear léi an cóimheas costais tairbhe san am céanna. Leis an rogha sin, baintear an chothromaíocht cheart amach idir dóthain ama a fhágáil le haghaidh aisghabhálacha féideartha agus éifeachtaí aille tobanna a sheachaint tar éis na tréimhse ama sin.
Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo Chuir formhór na bpáirtithe leasmhara in aghaidh Rogha 1 mar nach gceanglaítear cumhdach iomlán iasachtaí neamhthuillmheacha léi ach amháin ag deireadh na dtréimhsí ama sainithe, rud a d'fhéadfadh éifeachtaí aille tábhachtacha a chruthú do bhainc a bheadh faoi réir asbhaint óna gcistí dílse. Thacaigh roinnt banc agus formhór na bpáirtithe leasmhara poiblí le Rogha 2 (cur chuige céim ar chéim). Chuir na bainc in iúl gurbh fhearr leo cosán forchéimnitheach ná cosán líneach mar go mbeadh cosán líneach róchoimeádach sna chéad bhlianta, ar lena linn a bheadh an dóchúlacht go bhféadfaí an iasacht nó an chomhthaobhacht a aisghabháil níos airde ná mar a bheadh sí i dtreo dheireadh na tréimhse. Cháin formhór na bpáirtithe leasmhara príobháideacha agus na bpáirtithe leasmhara poiblí Rogha 3 (cur chuige atá bunaithe ar chaolchorraigh), á rá go bhfuil sí róchasta. Níor mheas formhór na bpáirtithe leasmhara go raibh aon bhreisluach ag baint leis an rogha, ós rud é gur mhó an chastacht agus na costais bhreise chur chun feidhme ná na tairbhí beaga a bhainfeadh na bainc aisti ó thaobh íogaireacht níos airde i leith rioscaí de.
C. Tionchar na rogha tosaíochta
Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)? Cheanglófaí ar na bainc le Rogha 2 (cur chuige céim ar chéim) tosú lena n-iasachtaí neamhthuillmheacha a chumhdach go luath, rud a laghdódh go mór an spreagadh a bheadh acu "fan go bhfeicfear" agus "fadú agus cur i gcéill" agus an cumas a bheadh acu déanamh amhlaidh. Chomhlíonfaí an cuspóir sin go tapa mar gurbh amhlaidh, de réir a dheartha, go dtiocfadh an ceanglas cumhdaigh i bhfeidhm a luaithe a d'éireodh an neamhchosaint ina neamhchosaint neamhthuillmheach. Ní bheadh an deis ag na Bainc fanacht go dtí deireadh na tréimhse chun a soláthar a mhéadú. Dá bhrí sin, is é an príomhthairbhe a bhaineann leis an rogha sin, ag deireadh na tréimhse ama sainithe, tionchar a bheadh róthobann agus a d'fhéadfadh a bheith dochrach a sheachaint. Bheadh Rogha 2 comhsheasmhach agus comhleanúnach le beartais eile de chuid an Aontais freisin. I gcomparáid le Rogha 1, bheadh ar mhaoirseoirí bearta tiomnaithe Cholún 2 a fhorchur nó a chothabháil i níos lú cásanna le linn na gcéad bhlianta. Leis sin, chuideodh sin lena áirithiú go mbainfí úsáid éifeachtúil as acmhainní agus go dtacófaí le comhchuibhiú ar fud an Aontais maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha. Trí chur chuige forchéimnitheach a roghnú, dhéanfaí dearadh an chúlstop a ailíniú le tionscnamh beartaithe eile de chuid an Choimisiúin, is é sin, forfheidmiú comhthaobhachta seachbhreithiúnach a luathú. Cheanglófaí leis leibhéal chumhdaigh níos ísle le linn na gcéad bhlianta, ar lena linn atá sé níos dóchúla go réadófar an chomhthaobhacht.
Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)? I gcomparáid leis an mbonnlíne do bhainc nach bhfuil faoi réir bhearta Cholún 2 lena méadófaí a soláthar d'iasachtaí neamhthuillmheacha faoi láthair, chruthófaí costais níos airde le Rogha 2 i dtaca le ceanglais chaipitil agus costais chur chun feidhme. Bheadh costais bhreise ann freisin do bhainc atá faoi réir bhearta Cholún 2 i gcás nach leor na bearta sin chun aghaidh iomlán a thabhairt ar an ngannsoláthar d'iasachtaí neamhthuillmheacha. D'fhéadfadh go mbeadh Rogha 2 níos costasaí ná Rogha 1 agus Rogha 3 sa ghearrthéarma mar go mbeadh feidhm ag an asbhaint fhéideartha sa chéad bhliain tar éis an iasacht a aicmiú mar iasacht neamhthuillmheach agus mar nach mbeadh sí chomh híogair i leith rioscaí is a bheadh Rogha 3. Mar sin féin, dá roghnófaí cosán forchéimnitheach, chabhrófaí leis an ábhar inní sin a mhaolú mar gurbh ísle sna chéad bhlianta a bheadh an méid atá le cumhdach, rud a thabharfadh am do na bainc an iasacht a aisghabháil nó

an chomhthaobhacht a réadú ag an tús.
Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FB Manna agus do mhicrifhiontair?
Dá gcuirfí ceanglais chumhdaigh íosta i bhfeidhm, laghdófaí na dreasachtaí a bheadh ag na bainc cleachtas "fan go bhfeicfear" a shaothrú agus an cumas a bheadh acu déanamh amhlaidh. Trí chlár chomhardaithe na mbanc a neartú trí neamhchosaintí neamhthuillmheacha a bhainistiú ar bhealach níos tráthúla agus níos éifeachtaí, thacófaí leis an rogha seo le soláthar creidmheasa a bheadh níos cobhsaí ó thaobh chainníocht an chreidmheasa agus phraghas an chreidmheasa de. Ba cheart go rachadh an tionchar dearfach chun tairbhe do FB Manna go háirithe, ós rud é go bhfuil siad níos spleáiche ar iasachtú bainc ná corparáidí móra a d'fhéadfadh margaí airgeadais a rochtain ar bhealach níos fusa.
An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údarais riaracháin náisiúnta?
Níltear ag súil go n-imreofar aon tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údarais riaracháin náisiúnta. Trí bheart Chólún 1 a thabhairt isteach, ba cheart go laghdófaí an gá atá ann le bearta Chólún 2 (a mheasúnaítear ar bhonn cáis). Dá réir sin, bheifí in ann acmhainní daonna agus airgeadais a úsáid ar bhealach níos spriocdhírithe agus, ar an gcaoi sin, éifeachtúlacht a mhéadú.
An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?
Maidir le cistí dílse na mbanc nach gcomhlíonann an leibhéal cumhdaigh íosta is infheidhme (agus a bheadh faoi réir na hasbhainte céim ar chéim dá bharr), thiocfadh laghdú orthu sa ghearrthéarma i gcomparáid leis an mbonnlíne. Mar sin féin, thomhaisfí gach banc in aghaidh slat tomhais choiteann i gcónaí, rud a mhéadódh inchomparáideacht ar fud na mbanc agus a chuirfeadh cothroime iomaíochta chun cinn fud an Mhargaidh Aonair. Mar gheall go mbeadh méadú forchéimnitheach ag teacht ar na ceanglais chumhdaigh, sheachnófaí éifeachtaí aille féideartha a d'eascródh as caillteanais mhoillithe, rud a d'fhéadfadh tionchar dian a imirt ar chaipiteal na mbanc. Go deimhin, ní mhéadófaí leis an gcúlstop stuamachta ceanglais chaipitil le haghaidh neamhchosaintí neamhthuillmheacha; ach is amhlaidh nach n-athrófaí leis ach dáileadh an chaipitil a theastódh chun caillteanais ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha a chumhdach le himeacht ama (gan a méid fhoriomlán a mhéadú). San fhadtéarma, bheadh tionchar tairbheach ar na bainc mar gurbh amhlaidh, trína áirithiú nach gcarfaí neamhchosaintí neamhthuillmheacha gannsoláthartha agus nach mbainfeadh siad leibhéal neamh-inbhuanaithe amach, go mbainfí leas as an gcúlstop chun a n-athléimneacht a neartú in aghaidh amanna struis agus géarchéimeanna eacnamaíocha, chun a gcostais chistiúcháin agus riaracháin a laghdú agus chun a mbrabúsacht a chosaint. Go deimhin, ní mhéadófaí leis an gcúlstop stuamachta ceanglais chaipitil ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha; ach is amhlaidh nach n-athrófaí leis ach dáileadh an chaipitil a theastódh chun caillteanais ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha a chumhdach ar bhealach níos cothroime le himeacht ama (gan a méid fhoriomlán a mhéadú).
D. Iarobair
Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?
Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht idir 6 bliana agus 8 mbliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an tionscnaimh seo (ag brath ar chalabhrú deiridh na tréimhse ar ina diaidh a bheadh cumhdach iomlán iasachtaí neamhthuillmheacha ina cheanglas). Beidh sé mar chuspóir leis an meastóireacht, i measc nithe eile, a mheas cé chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus atá an beart le haghaidh na cuspóirí a chuirtear i láthair sa mheasúnú tionchair seo a bhaint amach agus a chinneadh cé acu an bhfuil bearta nó leasuithe nua ag teastáil nó nach bhfuil.